Nótaí ar chleachtadh 17

Seo thíos aistriúchán samplach ar an téacs a tugadh i gcleachtadh 17. Sna nótaí tráchta thíos, tá plé ar na focail agus na habairtí sin a bhfuil uimhir leo. Chomh maith leis sin, féadann tú d'aistriúchán féin a chur i gcomparáid leis an aistriúchán a foilsíodh. Féach Cleachtadh Eagarthóireachta 19.

Water is one of our most valuable resources. It has shaped our landscape, dictated the location of our cities, protected our health and fuelled our economic development.

Improving water conservation

When fitted at your property, your water meter will record how much water has been supplied to your home, allowing you to understand your household's water usage and minimise your impact on the environment.

Working together to ensure sustainable water services into the future

By wasting less, polluting less, reusing more, managing effectively, investing wisely and becoming more efficient in all uses of water – Ireland has the potential to become one of the most water resilient countries in the world. We are at the start of a long journey, and we'll need you to work with us to ensure we have sustainable water services into the future.

Tá uisce ar cheann de na hacmhainní is luachmhaire atá againn. Uisce a mhúnlaigh an tírdhreach.[1] Taobh le huisce a tógadh na cathracha.[2] Bíonn sláinte na ndaoine,[3] agus forbairt an gheilleagair, ag brath[4] ar uisce.

Uisce a chaomhnú go héifeachtach[5]

An uair amháin a bheidh méadar uisce feistithe i d'áit chónaithe,[6] coinneoidh sé taifead ar an méid uisce a bhíonn á sholáthar ann,[7] ar shlí a thabharfaidh léargas ar an úsáid a bhaineann an teaghlach as uisce agus a chabhróidh libh laghdú ar thionchar an teaghlaigh[8] ar an timpeallacht.

Ag obair le chéile chun a dheimhniú go mbeidh seirbhísí inbhuanaithe uisce ann[9]

D'fhéadfadh Éire a bheith ar cheann de na tíortha is seasmhaí[10] ar domhan ó thaobh acmhainní uisce de, má éiríonn linn truailliú agus diomailt uisce a laghdú, athúsáid uisce a mhéadú, acmhainní uisce[11] a bhainistiú go héifeachtach, infheistíocht chríonna a dhéanamh agus a bheith níos éifeachtúla[12] i ngach gné dár n-úsáid uisce. I dtús aistear fada atáimid, agus beimid ag brath oraibhse cabhrú linn chun a dheimhniú go mbeidh seirbhísí uisce inbhuanaithe ann san am atá romhainn.

To do this we need your participation when it comes to metering, registration, and eventually billing. Together we can improve and secure this precious resource that will be vital to the social and economic life of this nation far into the future.

Chuige sin beimid ag brath ar bhur gcaoinchabhair[13] nuair a bheidh clárú ar siúl, méadair á bhfeistiú agus, faoi dheireadh, billí á réiteach. Is féidir linn, ach cur chuige le chéile, feabhas a chur ar úsáid[14] na hacmhainne ríluachmhaire seo a bhfuil saol sóisialta agus eacnamaíoch an náisiúin ag brath uirthi anois agus feasta.[15]

Nótaí tráchta

1. Ó tharla comhréir na bhfrásaí Gaeilge a bheith casta, chinn mé abairt ghairid faoi leith a dhéanamh de gach ceann de na míreanna sa liosta. Tá ceist aimsire ann chomh maith: oireann an aimsir chaite go maith don chéad dá mhír sa liosta: *it has shaped our landscape*, ach ní bheadh sí chomh hoiriúnach i gcás míreanna eile. Roghnaigh mé an aimsir ghnáthláithreach, ó tharla go mbítear ag brath ar uisce go leanúnach.

2. Ní dhéanann an t-uisce aon socrú ná aon chinneadh ná, go bhfóire Dia orainn, aon deachtú maidir le hionad na gcathracha. D'úsáid mise an t-alt seachas an aidiacht shealbhach (ár dtírdhreach, ár gcathracha, ár sláinte, ár bhforbairt). Nós seanbhunaithe é sin. Féach AIDIACHT SHEALBHACH sa bhunachar Cruinneas.

3. B'ait liom aistriúchán dílis ar nós 'cosnaíonn an t-uisce ár sláinte.'

4. Is aistriúchán an-saor ar fad é sin ar *fuelled*, ach b'ait leat leithéidí 'spreagann uisce ár bhforbairt eacnamaíoch'. Agus b'fhearr 'breosla' a fhágáil as!

5. Ní bheadh 'Caomhnú uisce a fheabhsú' mícheart ach measaim gur deise gan an dá ainm briathartha a bheith i mullach a chéile mar sin: 'caomhnú' agus 'feabhsú'.

6. Focal an-deacair is ea *property* – féach an iontráil PROPERTY sa bhunachar Cruinneas. Is úsáid uisce sa bhaile seachas úsáid tráchtála atá i gceist sa téacs seo. Mar sin de, cuimsíonn 'áit chónaithe' árasáin, tithe agus ionaid chónaithe de gach cineál.

7. Is deacair freastal ar an réamhfhocal *to* san abairt *how much water has been supplied to your home*. B'ait leat 'a sholáthraítear go dtí d'áit chónaithe' nó 'chuig d'áit chónaithe'. Arís eile, measaim gur fearr an aimsir ghnáthláithreach a úsáid in ainneoin *has been supplied* a bheith sa Bhéarla: ní rud aon uaire atá ann, ach soláthar leanúnach.

8. Glacaim leis gurb é an teaghlach go léir, seachas an custaiméir aonair, atá i gceist le *your*.

9. Dá gcuirfí 'sa todhchaí' nó 'amach anseo' i ndeireadh na habairte sin, an dtuigfí as nach bhfuil seirbhísí inbhuanaithe ann faoi láthair?

10. Is ait an leagan é *water resilient*. Dá bhfeicfí as comhthéacs é, mheasfá gur díonadh ar uisce atá i gceist. Is dóigh liom, áfach, gur seasmhacht nó marthanacht acmhainní uisce atá i gceist.

11. Níl aon chuspóir ag an mbriathar *manage* san abairt Bhéarla, ach b'ait leis an léitheoir 'bainistiú go héifeachtach' gan aon iomrá ar an rud atá le bainistiú.

12. Tá difear idir 'éifeachtach' agus 'éifeachtúil', sa teanga fhoirmiúil ar aon nós. Féach ÉIFEACHTACH/ÉIFEACHTÚIL sa bhunachar Cruinneas.

13. Is deacair *participation* a aistriú sa chomhthéacs seo. Ní mheasaim gur 'rannpháirteachas' atá i gceist dáiríre – ní hé go bhfuiltear ag iarraidh ar an gcustaiméir a bheith sáite san obair. *Co-operation* atá i gceist dáiríre, nó gan cur i gcoinne na hoibre.

14. Níl *water use* luaite sa Bhéarla, ach cén chaoi a gcuirfí 'feabhas' ar uisce?

15. Dá luafaí pointe ama éigin (mar shampla, 'go ceann i bhfad eile'), thabharfaí le fios go dtiocfaidh lá nach mbeimid ag brath ar uisce.